Coimisiún na Meán

# Treoir d'Aighneachtaí: Léiriú Intinne le haghaidh Conradh Craolacháin Fuaime chun Seirbhís Craolacháin Fuaime Náisiúnta i bhFormáid Leathan a sholáthar

Dáta foilsithe:
14 Lúnasa 2026

Spriocdháta le haghaidh freagartha:
14 Meán Fómhair 2026

Public

# Clár Ábhar

**Réamhrá** 3

**Nósanna Imeachta chun Léiriú Intinne a chur isteach** 4

# Réamhrá

1.1 Tá an conradh craolacháin fuaime chun seirbhís craolacháin fuaime urlabhra agus nuachta ghar-náisiúnta a sholáthar ar an mbanda FM (“an Conradh”), arna choimeád ag Bauer Audio Ireland Limited faoi láthair, ag craoladh mar *Today FM,* le dul in éag ar an **31 Bealtaine 2027**.

1.2 De réir Alt 65(6) den Acht Craolacháin 2009 ("Acht 2009"), chuir Coimisiún na Meán ("an Coimisiún") fógra i nuachtán náisiúnta[1] agus ar a láithreán gréasáin, an 28 Bealtaine 2026, ag lorg léirithe spéise don Chonradh. Faoin dáta deiridh an 27 Iúil 2026, ba é an t-aon léiriú spéise a fuarthas ná ó shealbhóir reatha an chonartha craolacháin fuaime, Bauer Media Audio Ireland ("an sealbhóir").

1.3 In imthosca inar tháinig an t-aon léiriú spéise a fuarthas don fhógra poiblí ón sealbhóir agus go raibh an Coimisiún den tuairim go ndearnadh é de mheon macánta, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an nós imeachta mear faoi Alt 67(2) d'Acht 2009 a agairt chun an Conradh a dhámhachtain.

1.4 Dá réir sin, agus de bhun alt 67(3) d'Acht 2009, chuir an Coimisiún fógra poiblí i nuachtán náisiúnta[2] agus ar a shuíomh gréasáin an 14 Lúnasa 2026, inar luadh go raibh sé ar intinn aige an próiseas iarratais mear a agairt chun an Conradh a dhámhachtain.

1.5 Ní mór do fhreagróirí féideartha aighneacht a dhéanamh faoi **14 Meán Fómhair 2026**, ina luafar gur mian leo iarratas a dhéanamh ar dhámhachtain an Chonartha ("Léiriú Intinne").

1.6 Ní mór éarlais **€25,000** a bheith ag gabháil leis an Léiriú Intinne, ar éarlais í atá inaisíoctha má chuirtear iarratas faoi bhráid an Choimisiúin ina dhiaidh sin de bhun cuireadh chun iarratas a dhéanamh ar an gConradh arna eisiúint faoi Alt 65(8) d'Acht 2009.

1.7 Ní mór an Léiriú Intinne a thíolacadh san fhormáid a shonraítear in gCuid 2 den doiciméad seo.

1.8 Má fhaigheann an Coimisiún Léiriú Intinne agus an éarlais riachtanach, rachaidh an Coimisiún ar aghaidh chun iarratais a lorg chun an Conradh a dhámhachtain. Má eisítear cuireadh chun iarratas a dhéanamh ar dhámhachtain an chonartha, beidh téarma an Chonartha, má dheonaítear í, ar feadh tréimhse deich (10) mbliana.

1.9 Tá treoir tháscach maidir le hiarratas ar chonradh craoltóireachta fuaime faoi Alt 65(8) d’Acht 2009 ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin nó arna iarraidh sin ó licensing@cnam.ie

1.10 Féadfar Léirithe Intinne a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin a luaithe a bheidh siad breithnithe agus nuair a chinneann an Coimisiún an chéad chéim eile sa phróiseas.

[1] Foilsíodh é san *Irish Independent*
[2] *Irish Times*

# Nósanna Imeachta chun Léiriú Intinne a chur isteach

2.1 Tá foirm Léirithe Intinne ar fáil d’fhreagróirí féideartha ó shuíomh gréasáin an Choimisiúin, www.cnam.ie nó ar iarratas ó licensing@cnam.ie nó (01) 6441200. Má roghnaíonn tú gan an fhoirm a úsáid, cinntigh le do thoil go gcloíonn d'aighneacht leis an bhformáid atá leagtha amach thíos agus go n-áirítear inti an fhaisnéis go léir a iarrtar.

Trí do Léiriú Intinne a chur isteach, tá an méid seo a leanas á dheimhniú don Choimisiún agat: -

- gur léigh tú agus gur thuig tú an *Treoir d’Aighneachtaí: Léiriú Intinne le haghaidh Conradh Craolacháin Fuaime chun Seirbhís Craolacháin Fuaime Náisiúnta i bhFormáid Leathan a sholáthar;*
- gur íocadh éarlais **€25,000** isteach i gcuntas bainc an Choimisiúin; agus,
- go dtoilíonn tú le do Léiriú Intinne á chur ar fáil don phobal.

2.2. Is é seo a leanas an fhormáid le haghaidh Léiriú Intinne:

2.2.1 Freagróir:
(a) Tabhair cur síos ginearálta ar an duine/an t-eintiteas atá ag déanamh an ráitis.
(b) Tabhair do shonraí teagmhála: ainm, seoladh, uimhir theileafóin agus ríomhphost an duine teagmhála.

2.2.2 Dearbhú ar an gConradh lena mbaineann an Léiriú Intinne:
(a) Sainaithin an limistéar saincheadúnais ábhartha mar **Náisiúnta**.
(b) Sainaithin an cineál seirbhíse craolacháin fuaime mar **sheirbhís i bhFormáid Leathan**.

2.2.3 Sonraí an Léirithe Intinne:

Is mar seo a leanas a bheidh téacs an Léirithe Intinne: -

Dearbhaímse leis sin, [cuir isteach ainm], thar ceann [cuir isteach ainm an eintitis atá ag cur an léiriú intinne isteach], go bhfuil sé i gceist ag [cuir isteach ainm an eintitis atá ag cur an léiriú intinne isteach] iarratas a dhéanamh ar chonradh craolacháin fuaime chun seirbhís craolacháin fuaime náisiúnta i bhformáid leathan a sholáthar ar an mbanda FM.

Dearbhaímse freisin gur íocadh éarlais €25,000 isteach i gcuntas bainc an Choimisiúin.

2.2.3 Ní mór duit an Léiriú Intinne **a shíniú agus dáta a chur leis**.

2.3 Ní mór don Choimisiún an Léiriú Intinne sínithe agus dátaithe a fháil tráth nach déanaí ná **14 Meán Fómhair 2026**, agus is féidir é a chur isteach trí ríomhphost chuig licensing@cnam.ie nó tríd an bpost, nó trí sheachadadh de láimh, chuig:

Bronnadh Conarthaí,
Coimisiún na Meán,
1 Foirgnimh Shíol Bhroin,
Bóthar Shíol Bhroin,
Baile Átha Cliath 4, D04 NP20.

2.4 Íocaíocht na hÉarlaise Airgid:

2.4.1 Ní mór an éarlais airgid **€25,000** a íoc i gcuntas bainc an Choimisiúin faoin dáta deiridh, **14 Meán Fómhair 2026.**

2.4.2 Is iad seo a leanas sonraí an chuntais bainc chun an éarlais airgid a íoc:

Institiúid airgeadais: Bainc-Aontas Éireann, seoladh an Bhrainse, 1 – 4 Sráid Bhagóid Íochtarach, Baile Átha Cliath 2
Ainm an chuntais: Coimisiún na Meán
IBAN: IE43AIBK93101268283086
Cód BIC: AIBKIE2D
Cód Sórtála: 93-10-12
Uimhir an chuntais: 68283086

2.4.3 Ní mór faisnéis a bheith sna sonraí íocaíochta lena sainaithnítear an freagróir, mar shampla ainm an fhreagróra. Dá réir sin, ní mór don fhreagróir a chinntiú go soláthraíonn a mbanc faisnéis a ghabhann leis an aistriú leictreonach lena sainaithnítear go soiléir go ndearnadh an íocaíocht thar ceann an fhreagróra.